



Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2012

Staidéar Foirgníochta

Teoiric - Gnáthleibhéal


(200 marc)

Dé hAoine, 15 Meitheamh
Tráthnóna, 2:00 go 4:30

- (a) Freagair **Ceist 1** agus trí cheist eile.*
- (b) Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*
- (c) Ní mór na freagraí a scríobh i ndúch.*
- (d) Ní mór na líníochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.*
- (e) Scríobh uimhir na ceiste go soiléir roimh gach freagra ar leith.*
- (f) Ba chóir saorsceitsí néata a dhéanamh chun tuairiscí scríofa a léiriú.*
- (g) Ní mór ainm, méideanna, toisí agus sonraí riachtanacha eile i gcás gach ábhair ar leith a luaitear a bhreacadh ar an líníocht.*


1. Taispeánann an sceitse díon tílithe ar theach cónaithe atá á iompar ar bhlocbhalla seachtrach coincreíte 350 mm a bhfuil cuas inslithe ann. Is díon gearrtha traidisiúnta é an díon agus tá claonadh 45° sa díon.

- (a) Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach trí sceimhleacha an dín thílithe agus tríd an mballa seachtrach. Taispeáin na gnáthshonraí tógála ó leibhéal atá 400 mm faoi bhun an mhaide balla, trí na sceimhleacha, agus taispeáin **trí** chúrsa tileanna ag na sceimhleacha. Bíodh an t-insliú don díon ann agus taispeáin go soiléir conair na haerála isteach i struchtúr an dín ag leibhéal na sceimhleacha. Cuir isteach **trí** ghnáththoise.



- (b) Taispeáin ar do líníocht, modh **amháin** chun an cuas a dhúnadh ag leibhéal na sceimhleacha.

2. Ar theach cónaithe, mar a thaispeántar sa sceitse, tá blocbhalla seachtrach coincreíte 300 mm agus tá polastiréin fhorbartha 50 mm mar insliú sa chuas. Tá bailchríoch de rindreáil sheachtrach mhín ar an mballa. Tá sé beartaithe airíonna teirmeacha an bhalla a fheabhsú agus córas inslithe seachtrach a fheistiú ar an mballa.



- (a) Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata saorlámhe agus taispeáin modh oiriúnach **amháin** chun an córas inslithe seachtrach a chur leis an balla. Ainmnigh an t-ábhar inslithe a úsáidtear, luaigh a ghnáth-thiús agus cuir isteach sonraí na bailchríche dromchla ar an insliú.
- (b) Liostaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le córas inslithe seachtrach a chur leis na ballaí ar theach atá ann cheana féin.

3. Tá theach cónaithe nasctha leis an bpríomhlíonra uisce poiblí chun uisce glan cóireáilte a sholáthar do mhuintir an tí.

- (a) Bain úsáid as léaráid aonlíneach agus lipéid uirthi, agus taispeáin an phíobobair is gá chun uisce fuar a sholáthar do dhoirteal cistine, mar a thaispeántar sa sceitse.



Bíodh na nithe seo a leanas sa léaráid agat:

- píobobair ón bpríomhlíonra uisce poiblí go dtí doirteal na cistine
- suíomh na gcomhláí
- ábhar agus gnáth-thoise na píobaire.


- (b) Cuir isteach ar do sceitse **dhá** shonra dearaidh a stopfadh an t-uisce ó bheith ag reo sa phríomhlíonra uisce nuair a bhíonn aimsir an-fhuar ann.

- (c) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach inar féidir le mhuintir an tí laghdú ar an méid uisce chóireáilte a úsáidtear ón bpríomhsholáthar uisce poiblí.

4. Rinneadh fotha stéille a dhearadh chun balla seachtrach 350 mm ar theach cónaithe a iompar. De bhloic choinceíte atá an balla tógtha agus tá cuas inslithe ann, mar a thaispeántar sa sceitse.

- (a) Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata saorlámhe agus taispeáin dearadh tipiciúil gnáth-fhota stéille don bhalla seachtrach thuas faoi na ceannteidil seo a leanas:


- leithead agus doimhneacht an trínse
- leibhéal críochnaithe na coincreíte san fhotha
- treisiú an fhotha
- suíomh an bhalla ar an bhfotha stéille.



- (b) Déan plé ar **dhá** chúis timpeallachta a bhfuil an fotha stéille ar an rogha cineál fotha do bhalla seachtrach an tí.

5. Tá fuinneog cháisminte adhmaid agus gloiniú triarach ann feistithe i mblocbhalla seachtrach coincréite 350 mm a bhfuil cuas inslithe ann, mar a thaispeántar sa sceitse. Tá méid 150 mm × 80 mm i bhfráma feistithe na fuinneoige. Tá an balla plástráilte ar an dá thaobh.

(a) Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach tríd an gcuid íochtarach den fhuinneog agus taispeáin fráma feistithe na fuinneoige agus leac choincréite na fuinneoige. Taispeáin na gnáthshonraí tógála ó 300 mm faoi bhun leac na fuinneoige go leibhéal atá 250 mm os a chionn. Cuir isteach gnáth-thoisí **thrí** phríomh-chomhbhall.



(b) Cuir isteach ar do líníocht na gnáthshonraí dearaidh chun droichead teirmeach/fuar a chosc ag leac na fuinneoige.

6. (a) Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ar leith nach mór cloí leo **i ngach** ceann de na suímh seo a leanas agus tabhair fáth **amháin** le gach réamhchúram sábháilteachta a liostaítear:

- ualach a ardú de láimh ó urlár
- coincréit a chur i dtrínse fotha as truail de choincréit réamh-mheasctha.

(b) Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata saorlámhe agus déan cur síos ar **dhá** phiosa de threalamh cosanta pearsanta nach mór a chaitheamh ar láithreán tógála, agus pléigh an tábhacht a bhaineann le **gach** píosa acu chun sábháilteacht phearsanta an oibrí a chinntiú ar láithreán tógála.




7. Is mian le húinéir tí cead pleanála a fháil chun garáiste atá ann cheana féin, mar a thaispeántar sa sceitse a ghabhann leis seo, a iompú ina sheomra suí.

(a) Pléigh **dhá** chúis a bhfuil sé riachtanach cur isteach ar chead pleanála chun an garáiste a iompú ina sheomra suí.

(b) Tabhair breac-chuntas ar an eolas a chaithfidh a bheith ann **i ngach** ceann de na doiciméid seo a leanas agus duine ag cur iarratas ar chead pleanála chuig an údarás pleanála:

- léarscáil de shuíomh an láithreáin
- cóip den fhógra láithreáin.

(c) Pléigh chúis **amháin** a bhféadfadh údarás pleanála cead pleanála a dhiúltú d'athchóiriú an garáiste.



8. Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata saorlámhe agus mínigh **cúig** cinn ar bith díobh seo a leanas:


- | | | |
|---------------------------|------------------------|--------------------|
| • umar uisce báistí | • déadalt bosca | • alt comhbhrú |
| • ballacheangal | • gaiste lintéir | • feirbín uillinne |
| • cuaille ráille staighre | • sábhadh tríd is tríd | • alt briosa. |

9. Taispeánann an sceitse bord traidisiúnta cistine déanta as dair sholadach.

(a) Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata saorlámhe agus taispeáin modh oiriúnach leis an ráille tosaigh a shiúntáil leis an gcos, agus pléigh an fáth a bhfuil an modh siúntála seo oiriúnach.

(b) Tá sé beartaithe barr an bhoird a athchóiriú, mar go ndearnadh damáiste dó in imeacht na mblianta. Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata saorlámhe agus déan cur síos ar na céimeanna atá i gceist le na marcanna a bhaint agus barr an bhoird a ullmhú chun an bhailchríoch nua a chur air.

(c) Mol bailchríoch chuí le cur ar bharr an bhoird. Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata saorlámhe agus déan cur síos ar na céimeanna atá le leanúint agus an bhailchríoch a mholtar a chur air.



Leathanach Bán



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú Ardteistiméireachta, 2012
Leaving Certificate Examination, 2012

Staidéar Foirgníochta
Triail Phraiticiúil

Construction Studies
Practical Test

(150 marc/marks)


Note: For clarity, some hidden detail has been omitted from this drawing.

Nóta: Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht seo ar mhaithe le soiléireacht.


Hand up this examination paper to the **Superintendent** at the end of examination.

Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.


Tablet Computer Stand Seastán do Ríomhaire Táibléid



Elevation / Aghaidhchló



Plan / Bonnchló



End View / Taobhchló


Length / Fad:

A = 220 mm

B = 205 mm

C = 220 mm


Dowels / Duail = Ø9 mm × 40 mm



Shaping of edges is left to the candidate

Fágтар faoin iarrthóir na corra a chríochnú go cuí

Slope of dovetail
Claonadh an déadailt 1:6



Note: Hand up this examination paper to the **Superintendent** at the end of examination.

Nóta: Tabhair ar ais an scrúdbháipéar seo don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

Hand up this examination paper to the
Superintendent at the end of the examination

Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don
Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe